Na Meáin Shóisialta

Ráiteas maidir le Twitter

Tá an Rannóg Cumarsáide, Margaíochta agus Feasachta freagrach as cuntais Twitter Fhoras na Gaeilge a bhainistiú. Is é @forasnagaeilge príomhchuntas Twitter Fhoras na Gaeilge. Díríonn an cuntas @gnoasgaeilge ar ghnó trí Ghaeilge a chur chun cinn. Is ar mhaithe le feasacht a ardú faoi ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge, le caidreamh a chothú leis an bpobal, agus le heolas ábhartha a roinnt leis an bpobal a bunaíodh cuntais Twitter Fhoras na Gaeilge.

Roinntear eolas maidir le seirbhísí, táirgí, eagraíochtaí agus eolas ábhartha ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn. Ní hionann tuairimí leantóirí Fhoras na Gaeilge nó cuntais atá á leanúint ag Foras na Gaeilge agus tuairimí Fhoras na Gaeilge. Má roinneann Foras na Gaeilge eolas seachtrach ar na meáin shóisialta, ní hionann é sin agus aontú leis. Níl aon dualgas ar Fhoras na Gaeilge leantóirí a leanúint.

Ní ghlacfar le teachtaireachtaí mailíseacha nó le haon teachtaireacht a dhéanann tromaíocht, bulaíocht nó ciapadh ar aon eagras nó duine.

Cuirtear tvuíteanna amach i rith na seachtaine agus déantar monatóireacht ar na cuntais Twitter idir 10.00 a.m. agus 4.00 p.m. ó Luan go hAoine. Níl ar chumas na rannóige, ná níl aon dualgas ar Fhoras na Gaeilge, gach tvuít a fhreagairt nó a atvuíteáil. Tá an ceart ag Foras na Gaeilge tvuíteanna agus aon ghníomhaíochtaí eile ar Twitter a tharraingt siar.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le ceannáras Fhoras na Gaeilge ar 353-1-6398400, ríomhphost a sheoladh chuig eolas@forasnagaeilge.ie nó an fhoirm ar líne a líonadh má tá ceist phráinneach agat.

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig gearain@forasnagaeilge.ie má tá fonn ort gearán a dhéanamh maidir le cuntais Twitter Fhoras na Gaeilge.

Tá an ceart ag Foras na Gaeilge an ráiteas seo a leasú am ar bith.